V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10916 – ALPHA / PENINSULA / PRIMA INDUSTRIE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 397/07)

1. An 5 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Alpha Private Equity Funds 7 (SCA) SICAR, arna bhainistiú ag Alpha Private Equity Funds Management Company S.à r.l. ("Alpha", Lucsamburg),

— Peninsula Investments S.C.A, arna bhainistiú ag Peninsula Capital S.à r.l. ("Peninsula", Lucsamburg),

— Prima Industrie S.p.A ("Prima Industrie", an Iodáil).

Gheobhaidh Alpha agus Peninsula rialú comhpháirteach ar Prima Industrie ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir cothromais phríobháidigh é Alpha a cheannaíonn gnóthais mheánmhéide Eorpacha thar barr amach, agus infheistíonn sé go príomha sna hearnálacha a bhaineann le monaraíocht thionsclaíoch, tomhaltas agus caitheamh aimsire, faisean agus dearadh, seirbhísí agus dáileadh,

— Is meán infheistíochta fadtéarmaí é Peninsula a dhéanann infheistíochtaí cothromais in earnálacha éagsúla agus, go háirithe, sa tionscal, sa chúram sláinte, sa mhiondíol, sa teicneolaíocht, sna seirbhísí gnó agus sna teicneolaíochtaí airgeadais,

— Is cuideachta comhstoic é Prima Industrie a liostaítear ar Euronext Milan, agus monaraíonn sé meaisíní léasair agus innealra le haghaidh obair leathán miotail, foinsí léasair tionsclaíocha, agus córais monaraithe shuimithigh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10916 – ALPHA / PENINSULA / PRIMA INDUSTRIE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.